Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1394

21.5.2024

**CINNEADH (AE) 2024/1394 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 22 Aibreán 2024**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeapáin, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 37 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212(1), i gcomhar le pointe (a) d'Airteagal 218(6) agus an dara fomhír d'Airteagal 218(8) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh 2018/1197 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2018 ([2]), rinneadh an Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeapáin, den pháirt eile ('an Comhaontú') a shíniú an 17 Meitheamh 2018, faoi réir a thabhairt i gcrích dáta is faide anonn.

(2) Is é is cuspóir don Chomhaontú comhar agus idirphlé a neartú thar raon leathan saincheisteanna déthaobhacha, réigiúnacha agus iltaobhacha.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar leis seo an Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeapáin, den pháirt eile, a fhormheas thar ceann an Aontais ([3]).

*Airteagal 2*

Is é Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a bheidh ina chomhchathaoirleach ar an gComhchoiste dá bhforáiltear in Airteagal 42 den Chomhaontú.

*Airteagal 3*

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a chumhachtaítear chun an ionstraim a mhalartú lena ndearbhaítear cur i gcrích an fhormheasa agus an daingnithe ag Páirtí an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 47(1) den Chomhaontú, chun an toiliú a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl ([4]).

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 22 Aibreán 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

---

([1]) Toiliú an 12 Nollaig 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Cinneadh (AE) 2018/1197 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2018 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeapáin, den pháirt eile (IO L 216, 24.8.2018, lch. 1).
([3]) Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe in IO L 216 an 24.8.2018, lch. 4 mar aon leis an gcinneadh maidir le síniú.
([4]) Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta a thiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.